AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2022
COM(2022) 248 final

2022/0170 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón nGréig – EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), is rialacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear Rialachán CED anseo feasta).

2. An 21 Nollaig 2021, rinne an Ghréig an t-iarratas EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing a chur isteach, iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 27 NACE Athbhreithniú 2 (Monarú trealaimh leictrigh) in Ataic (EL30) na Gréige, réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS.

3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas ar CED	EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing
Ballstát	An Ghréig
An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[2])	An Ataic (EL30)
An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach	21 Nollaig 2021
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas	21 Nollaig 2021
Aistriúchán a fháil	11 Feabhra 2022
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	24 Feabhra 2022
An sprioc-am leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar	17 Márta 2022
An sprioc-am leis an measúnú a chur i gcrích	7 Meitheamh 2022
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2)(b) den Rialachán maidir le CED
An líon fiontar lena mbaineann	6
An earnáil/na hearnálacha lena mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch	Rannán 27 (Monarú trealaimh leictrigh)

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

(Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3]	
An tréimhse thagartha (6 mhí):	1 Aibreán 2021 – 1 Deireadh Fómhair 2021
An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*)	206
An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*)	0
An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*)	206
An líon iomlán tairbhithe incháilithe	206
An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	206
An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR)	1 689 800
An buiséad le CED a chur chun feidhme[4] (EUR)	70 000
Buiséad iomlán (EUR)	1 759 800
Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR)	1 495 830

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

4. An 21 Nollaig 2021, chuir an Ghréig an t-iarratas EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing isteach, is é sin faoi cheann 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas ar an dáta céanna, agus, an 24 Feabhra 2022, d'iarr sé ar an nGréig faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar chomhlíontacht an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, is sprioc-am é a rachaidh in éag an 7 Meitheamh 2022.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann

5. Baineann an t-iarratas le 206 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 27 NACE Athbhreithniú 2 (Monarú trealaimh leictrigh). Na hiomarcaíochtaí a rinneadh, is iomarcaíochtaí iad atá lonnaithe sa réigiún NUTS 2 an Ataic (EL30). Baineann na hiomarcaíochtaí le 6 fiontar san iomlán.

Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha			
BSH OIKIAKES SYSKEVES ANON. VIOM. ETAIRIA [BSH-Pitsos]	166	SELLER HELLAS AVEE	6
NEXANS HELLAS MONOPROSOPI AVE	6	KAMPOURAKIS GEORGIOS - G.E.M.A.	11
SAMMLER V.	7	MAVILEK AVEE	10

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

[4] I gcomhréir leis an gcúigiú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691.

Na fiontair agus an líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha		
MICHALOPOULOS AEVE		
Líon iomlán na bhfiontar: 6	**Líon iomlán na n-iomarcaíochtaí:**	**206**
Líon iomlán na ndaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht:		**0**
Líon iomlán na n-oibrithe incháilithe agus na ndaoine féinfhostaithe:		**206**

Critéir idirghabhála

6. Chuir an Ghréig an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2)(b) den Rialachán maidir le CED, lena n-éilítear 200 oibrí iomarcach ar a laghad a chur ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha 6 mhí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ag rannán NACE Athbhreithniú 2, fiontair atá lonnaithe i réigiún amháin nó dhá réigiún thadhlacha arna sainiú ag an leibhéal NUTS 2 i mBallstát. Bhí 206 oibrí iomarcacha sa réigiún NUTS 2, an Ataic (EL30).

7. An tréimhse thagartha 6 mhí atá leis an iarratas, is é an 1 Aibreán 2021 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2021 atá i gceist léi.

Iomarcaíochtaí agus deireadh le gníomhaíocht a ríomh

8. Mar a leanas is ea a ríomhadh scor na gníomhaíochta i measc na n-oibrithe easáitithe le linn na tréimhse tagartha:

   - 186 ó dháta fhógra indibhidiúil an fhostóra go raibh sé chun an t-oibrí a dhéanamh iomarcach nó chun conradh nó caidreamh fostaíochta an oibrí a fhoirceannadh, agus
   - 20 ó dháta foirceanta nó éaga *de facto* an chonartha fostaíochta nó an chaidrimh fostaíochta.

Tairbhithe incháilithe

9. Is é 206 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair an iomarcaíocht agus scor na gníomhaíochta

10. Is é dúnadh ionad táirgthe Pitsos [5] san Ataic an príomhrud ba chúis leis na hiomarcaíochtaí sin, cé gur coinníodh an branda, díolachán agus an rannóg seirbhíse sa Ghréig.

11. Cailleadh iomaíochas mhonarcha Pitsos mar thoradh ar mheascán de thosca, lena n-áirítear easpa uathoibriúcháin agus ardmhonaraíochta, costais arda táirgthe na bhfearas leictreach tí agus ganntanas soláthair intíre de chomhpháirteanna leictreacha. Chun na costais mhonaraíochta a laghdú agus barrfheabhas a chur ar an tsaoráid táirgeachta, theastaigh infheistíochtaí móra caipitil ón monarcha. Níor thacaigh bainistíocht BSH-Pitsos[6] leis na hinfheistíochtaí sin, áfach, agus ar deireadh

[5] Monaróir Gréagach d'fhearais tí is ea Pitsos https://www.pitsos.gr

[6] Cuideachta é Pitsos atá faoi úinéireacht BSH Hausgeräte GmbH (Bosch-Siemens Hausgeräte), monaróir Gearmánach fearas tí https://www.bsh-group.com

cinneadh an táirgeadh a aistriú go dtí an Tuirc, áit a bhfuil na costais táirgthe níos ísle[7].

12. Ina theannta sin, bhí tionchar mór ag géarchéim shocheacnamaíoch fhadtéarmach (2008-2016) sa Ghréig ar chaiteachas tomhaltóirí, rud a laghdaigh an t-éileamh intíre ar fhearais tí nua. Idir 2008 agus 2016, tháinig laghdú 35 % ar chaiteachas ar fhearais tí sa Ghréig, ó thart ar EUR 824 milliún in 2008 go tuairim is EUR 536 milliún in 2016[8]. Cé go raibh biseach 9,5% ar an gcaiteachas ar fhearais tí ó 2017 go 2019, bhuail paindéim Covid-19 arís é agus bhí laghdú 50 % air in 2020 i gcomparáid le 2019[9].

13. Fógraíodh go gcuirfí deireadh le hoibríochtaí monarchan Pitsos i Meán Fómhair 2017[10]. Thángthas ar chomhaontú sealadach, áfach, chun síneadh a chur leis an táirgeadh go dtí tús 2021, chun na hiarmhairtí díobhálacha a bhainfeadh le dúnadh na monarchan a mhaolú. Bhí próiseas fhoirceannadh na n-oibríochtaí agus dífhostú na n-oibrithe le cur i gcrích faoin 31 Márta 2021[11]. Mar sin féin, thóg na gníomhaíochtaí níos mó ama ná mar a bhí beartaithe, dá bhrí sin tharla formhór na n-iomarcaíochtaí idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2021.

14. Maidir leis na hiomarcaíochtaí sna cúig fhiontar eile[12], áitíonn an Ghréig go bhfuil dúshláin os comhair thionscal monaraithe an trealaimh leictrigh, go háirithe an gá atá le claochlú digiteach agus uathoibriú, chomh maith le scileanna neamhleora an lucht saothair chun iad féin a chur in oiriúint don gheilleagar digiteach atá ag athrú go tapa.

15. Tá bunscileanna digiteacha dhaonra na Gréige fós tearcfhorbartha agus tá siad chun deiridh ar mheán an Aontais, rud a fhágann go bhfuil riosca ard ann go mbeidh titim ar gcúl ann i dtaobh teicneolaíochta agus go mbeidh neamhlitearthacht dhigiteach ann[13]. De réir Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2021 ón gCoimisiún Eorpach, tá an Ghréig ar an 22ú de 27 mBallstát an Aontais maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí gnó agus níl scileanna is airde ná bunscileanna digiteacha ach ag 23 % de dhaoine aonair, i gcomparáid le meán 31 % don Aontas[14].

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, sin agus ar an bhfostaíocht

16. Cé go bhfuil an ráta dífhostaíochta sa Ghréig ag laghdú de réir a chéile ó bhí 2013 ann, tráth a shroich sí an buaic is airde 27,5 %[15], bhí sé fós ar cheann de na rátaí is airde san Aontas in 2021, ag 15,3 %[16].

---

7 https://www.liberal.gr/economy/pitsos-parateinetai-eos-to-2021-i-leitourgia-tis-monadas-stou-renti/214847

8 https://www.statista.com/statistics/581413/house-hold-appliance-expenditure-greece/

9 https://imegsevee.gr/wp-content/uploads/2021/01/etisia-ereuna-eisodimatos-2020.pdf

10 https://greekreporter.com/2017/10/19/one-of-greeces-oldest-plants-is-shutting-down/

11 https://www.capital.gr/epixeiriseis/3528092/bsh-kleinei-to-ergastasio-tis-pitsos-31-3-oi-diapragmateuseis-me-mpakatselo-kai-ergazomenous

12 Fiontair a liostaítear i mír 5, gach ceann acu ag feidhmiú in earnáil mhonarú an trealaimh leictrigh.

13 https://www.cedefop.europa.eu/files/greece_-_european_inventory_on_nqf_2020.pdf

14 Digital Economy and Society Index (DESI) 2021 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/countries-digitisation-performance

15 Eurostat https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tps00203/default/table?lang=en

17. Tá réigiún na hAtaice ar an réigiún is mó sa Ghréig ó thaobh daonra de agus thart ar 3,7 milliún duine ina gcónaí ann, agus is é a ghineann beagnach leath (47 %) den OTI náisiúnta iomlán. Tá an líon is mó daoine dífhostaithe i réigiún na hAtaice freisin, is é sin 342 744 duine i mí na Nollag 2021, arb é 31 % de na daoine dífhostaithe atá cláraithe sa tír[17]. Tháinig méadú 3,8 % ar líon na n-oibrithe dífhostaithe cláraithe san Ataic ó 334 658 i mí na Nollag 2019[18] go dtí 347 427 i mí na Nollag 2021[19]. Thairis sin, tá beagnach an ceathrú cuid (24,1 %) de dhaonra na hAtaice i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta[20]. Fágfaidh na hiomarcaíochtaí in earnáil an trealaimh leictrigh i réigiún na hAtaice gur measa an dífhostaíocht, agus méadóidh siad an bhochtaineacht sa réigiún.

18. Áitíonn údaráis na Gréige go mbeidh deacrachtaí ag na hoibrithe iomarcacha poist eile a fháil ós rud é go bhfuil oideachas meánscoile sóisearach nó níos lú ná sin ag a bhformhór (81 %)[21]. Leis na bearta atá beartaithe, beidh seans níos fearr acu post a fháil ar an margadh saothair oscailte, nó tacófar leo siúd ar mian leo a ngnó féin a thosú.

Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um oirchill ar athrú agus ar athstruchtúrú (QFR)

19. Thug an Ghréig tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um oirchill ar athrú agus athstruchtúrú. Dheimhnigh údaráis na Gréige go ndearnadh gníomhaíochtaí chun próisis athstruchtúraithe a réamh-mheas agus a bhainistiú níos fearr agus go raibh bearta curtha i gcrích.

20. Nuair a fógraíodh go gcuirfí deireadh le rannóg tháirgthe Pitsos i mí Mheán Fómhair 2017[22], reáchtáil lucht bainistíochta agus ionadaithe oibrithe na cuideachta comhairliúcháin fhorleathana chun na roghanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú sular cuimhníodh ar iomarcaíochtaí. Chun na héifeachtaí a bhaineann le dúnadh na monarchan a mhaolú, go háirithe na héifeachtaí ar fhostaithe, comhaontaíodh go gcuirfí síneadh le hoibríochtaí táirgthe go dtí an 31 Nollaig 2020. Ag an am céanna, bhí sé beartaithe go leanfadh an próiseas chun deireadh a chur le hoibríochtaí agus an fhoireann a dhífhostú go dtí an 31 Márta 2021[23].

21. D'aontaigh na páirtithe idirbheartaíochta freisin scéim dheonach iomarcaíochta a bhunú, lena n-áirítear pacáiste cúitimh, ranníocaíochtaí pinsin agus sochair airgeadais bhreise amhail dearbháin bhronntanais d'fhearais tí ón gcuideachta. Áiríodh leis freisin clár teoranta oiliúna, le seisiúin chomhairleoireachta, gairmthreoir agus cúnamh i scríobh curriculum vitae (CV).

---

16 Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa. Fómhar 2021 https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-performance-and-forecasts/economic-forecasts/autumn-2021-economic-forecast-recovery-expansion-amid-headwinds_en#documents

17 https://www.oaed.gr/storage/statistika-stoikheia/synoptikh-ekthesh-dekembrios-2021.pdf

18 https://www.oaed.gr/storage/statistika-stoikheia/eksamhniaia-ekthesh-b-eksamhno-2020.pdf

19 https://www.oaed.gr/storage/statistika-stoikheia/synoptikh-ekthesh-dekembrios-2021.pdf

20 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tgs00107/default/table?lang=en

21 Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (ISCED 0-2) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=International_Standard_Classification_of_Education_%28ISCED%29#ISCE

22 https://greekreporter.com/2017/10/19/one-of-greeces-oldest-plants-is-shutting-down/

23 https://www.capital.gr/epixeiriseis/3528092/bsh-kleinei-to-ergastasio-tis-pitsos-31-3-oi-diapragmateuseis-me-mpakatselo-kai-ergazomenous

Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais

22. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Ghréig nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin.

Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

23. Chuir an Ghréig in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le hionadaithe na n-oibrithe agus leis an Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. An 24 Samhain 2021, thionóil údarás bainistíochta CED cruinniú le hionadaithe na n-oibrithe agus le roinnt iarfhostaithe chun an t-iarratas a bhí beartaithe agus inneachar an phacáiste chomhtháite beart a phlé.

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

24. Meastar gur 206 is líon do na hoibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa, agus an leibhéil oideachais atá acu:

Catagóir		An líon tairbhithe a bhfuil coinne leo	
Inscne:	Fir:	180	(87,4 %)
	Mná:	26	(12,6 %)
	Neamh-dhénártha	0	(0,0 %)
Aoisghrúpa:	Faoi bhun 30 bliain:	26	(12,6 %)
	30-54 bliana:	137	(66,5 %)
	Os cionn 54 bliana:	43	(20,9 %)
Leibhéal oideachais	Oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú[24]	167	(81,1 %)
	Oideachas meánscoile uachtaraí[25] nó oideachas iar-mheánscoile[26]	6	(2,9 %)

[24] ISCED 0-2
[25] ISCED 3
[26] ISCED 4

Oideachas treasach[27]	33	(16,0 %)

Na bearta atá beartaithe

25. Seo a leanas na bearta atá i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar do na hoibrithe iomarcacha:

– **Comhairleoireacht ghairmiúil.** Cuirfear an beart seo ar fáil do na rannpháirtithe uile agus beidh seisiúin aonair agus treoraíocht ann lena gcumhdófar na céimeanna seo a leanas:

(1) Faisnéis ghinearálta agus seisiúin fáiltithe. Le linn na céime seo gheobhaidh na rannpháirtithe treoraíocht maidir leis an bpróiseas tacaíochta, faisnéis faoi na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na cúrsaí oiliúna atá ar fáil. Áirítear leis sin freisin gníomhaíochtaí amhail sonraí pearsanta agus gairmiúla a bhailiú, inniúlachtaí gairmiúla an chuardaitheora poist agus a riachtanais le haghaidh na seirbhísí a mheas.

(2) An próiseas forbartha, measúnú pearsanta agus gairmiúil. Is é is aidhm don bheart seo cuidiú le tairbhithe a láidreachtaí agus a laigí féin a shainaithint a d'fhéadfadh bac a chur ar phoist a lorg agus/nó ar a roghanna gairmiúla. Leagfar béim ar leith ar fhorbairt scileanna agus ar fhaisnéis faoi riachtanais mhargadh an tsaothair.

(3) An plean gníomhaíochta aonair a fhorbairt agus a ullmhú. Is éard atá i gceist leis sin plean gníomhaíochta gairmiúla mionsonraithe a ullmhú. Gheobhaidh na rannpháirtithe ar spéis leo gnó a chur ar bun tacaíocht, lena n-áirítear oiliúint fiontraíochta.

– **Oiliúint i scileanna digiteacha.** Cuirfear oiliúint ar gach rannpháirtí i scileanna digiteacha de réir leibhéal an eolais agus na riachtanas atá acu. Beidh deimhniú mar thoradh ar an oiliúint nuair is féidir.

– **Gairmoiliúint/oideachas.** Is é is aidhm don bheart seo gairmoiliúint/athoiliúint speisialaithe a chur ar fáil (e.g. gairmoideachas agus gairmoiliúint a mbeidh deimhniú mar thoradh air, ceadúnas chun gairm a chleachtadh, cúrsaí teanga iasachta, ceadúnas tiomána gairmiúil, etc.). Tá cláir ardoideachais (e.g. cláir iarchéime) a mhaireann níos lú ná dhá bhliain san áireamh freisin.

– **Ardoideachas**. Beidh sé seo dírithe ar cháilíochtaí oideachais a fháil ó institiúidí ardoideachais (céim ardoideachais nó céim iarchéime i speisialtóireacht).

– **Ranníocaíocht le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta**. Na hoibrithe a bhunóidh a ngnólachtaí féin, gheobhaidh siad suas le EUR 22 000, mar ranníocaíocht chun costais a mbunaithe a chumhdach. Is féidir leo tairbhe a bhaint as teagasc pearsantaithe le linn an phróisis tionscnaimh freisin. Íocfar an ranníocaíocht i dtráthchodanna éagsúla bunaithe ar gharspriocanna réamhshainithe a bhaint amach. Is é an coinníoll don chéad tráthchuid nach mór do na tairbhithe plean gnó a tharraingt suas i gcomhar le Comhairleoir Fiontraíochta agus ní mór an gnó a chlárú leis an údarás airgeadais poiblí inniúil.

[27] ISCED 5-8

– Cuirfear **tuilleadh dreasachtaí** ar fáil:

Liúntas maidir le comhairleoireacht cheirde. Na tairbhithe a chríochnóidh gach seisiún comhairliúcháin ghairmiúil, gheobhaidh siad cnapshuim de EUR 700.

Liúntas maidir le hoiliúint i scileanna digiteacha. Cuirfear cnapshuim EUR 600 ar fáil do na rannpháirtithe a chríochnóidh oiliúint i scileanna digiteacha.

Liúntas maidir le gairmoiliúint/oideachas. Na tairbhithe a chríochnóidh an clár gairmoiliúna/oideachais, gheobhaidh siad liúntas EUR 800.

Liúntas maidir le hardoideachas. Na tairbhithe a chríochnóidh cúrsa ardoideachais (cláir dhá bhliain), gheobhaidh siad liúntas EUR 800.

26. Tá an oiliúint i scileanna digiteacha san áireamh mar ghné chothrománach i ndearadh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe. Cuirfidh an pacáiste le scaipeadh na scileanna cothrománacha a theastaíonn sa ré dhigiteach agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 7.2 den Rialachán maidir le CED.

27. Is éard atá sna gníomhaíochtaí atá beartaithe, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil tuairisc orthu anseo, bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

28. Sholáthair an Ghréig an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach do na fiontair lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh an Ghréig nach dtiocfadh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

Buiséad measta

29. Is é EUR 1 759 800 luach na gcostas measta ina n-iomláine, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 1 689 800 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 70 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, mar aon le gníomhaíochtaí rialaithe agus tuairiscithe.

30. Is é EUR 1 495 830 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

31. Is é an Clár Infheistíochta Poiblí Náisiúnta atá ag Aireacht Geilleagair agus Forbraíochta na Gréige atá ag soláthar an réamh-mhaoinithe náisiúnta nó an chómhaoinithe náisiúnta.

Bearta	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[28]	Costais mheasta iomlána *(EUR)*[29]
Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2)(a) den Rialachán maidir le CED)			

[28] Chun deachúlacha a sheachaint, rinneadh na costais mheasta in aghaidh an oibrí a shlánú. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Ghréig isteach.

[29] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

Comhairleoireacht ghairmiúil (Επαγγελματική συμβουλευτική)	206	1 000	206 000
Oiliúint i scileanna digiteacha (Κατάρτιση σε ψηφιακές δεξιότητες)	206	700	144 200
Gairmoiliúint/oideachas (Επαγγελματική Κατάρτιση / Εκπαίδευση)	201	3 000	603 000
Ardoideachas (Ανώτερη εκπαίδευση)	5	8 000	40 000
Ranníocaíocht le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta (Συνεισφορά για σύσταση επιχείρησης)	12	22 000	264 000
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	–		1 257 200 (74,4 %)
Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED)			
Liúntas maidir le comhairleoireacht cheirde (Επίδομα επαγγελματικής συμβουλευτικής)	206	700	144 200
Liúntas maidir le hoiliúint i scileanna digiteacha (Επίδομα κατάρτισης σε ψηφιακές δεξιότητες)	206	600	123 600
Liúntas maidir le gairmoiliúint/oideachas (Επίδομα επαγγελματικής κατάρτισης/εκπαίδευσης)	201	800	160 800
Liúntas maidir le hardoideachas (Επίδομα ανώτερης εκπαίδευσης)	5	800	4 000
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	–		432 600 (25,6 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) den Rialachán maidir le CED			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	–		0
2. Bainistíocht	–		45 000
3. Faisnéis agus poiblíocht	–		20 000
4. Rialú agus tuairisciú	–		5 000
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	–		70 000 (3,98 %)
Costais iomlána (a + b + c):	–		1 759 800
Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais	–		1 495 830

iomlána)		

32. Costais na mbeart atá sainaitheanta sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2)(b) de Rialachán CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Ghréig go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, eadhon nach mór do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

33. Dheimhnigh an Ghréig maidir le costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, le haghaidh gnólachtaí a chur ar bun agus le haghaidh táthcheangail ag fostaithe, nach sáróidh na costais sin EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais

34. Tosóidh an Ghréig ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu a luaithe a ghlacfaidh an t-údarás buiséadach slógadh CED. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón dáta a thosóidh an Ghréig ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm. Cé is moite de staidéir fhoirmiúla a mhaireann níos faide ná dhá bhliain, óir beidh siadsan incháilithe go dtí an spriocdháta chun an tuarascáil deiridh a chur isteach.

35. An 1 Márta 2022, thosaigh an Ghréig ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe, beidh an caiteachas sin incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Márta 2022 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

36. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Chuir an Ghréig in iúl don Choimisiún go ndéanfaí an ranníocaíocht airgeadais a bhainistiú agus a rialú mar seo a leanas:

– Stiúrthóireacht Fheidhmeannach an CTSN[30] san Aireacht Saothair, Slándála Sóisialta agus Dlúthpháirtíochta, is í a ghníomhóidh mar údarás bainistíochta,

– EDEL (Coiste Iniúchóireachta Airgeadais) laistigh den Aireacht Airgeadais, is é a ghníomhóidh mar údarás iniúchóireachta, agus

– an Roinn Deimhniúcháin agus Fíoraithe ar Chláir Chómhaoinithe san Aireacht Forbartha agus Infheistíochta, is í a ghníomhóidh mar údarás deimhniúcháin.

Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann

37. Thug an Ghréig na dearbhuithe uile a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir le rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,

[30] Creat Tagartha Straitéiseach Náisiúnta (CTSN)

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean dá gcuid gníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, is fiontair iad a bhfuil a gcuid oibleagáidí dlíthiúla comhlíonta acu, agus riar déanta acu ar a gcuid oibrithe dá réir,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus le rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

38. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[31].

39. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) den Rialachán maidir le CED, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 1 495 830 a shlógadh as CED, sin 85 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar maidir leis an iarratas.

40. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[32].

Gníomhartha gaolmhara

41. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le EUR 1 495 830 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

42. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais[33]. Tiocfaidh an

---

31 IO L 433, 22.12.2020, lch. 11.

32 IO L 433, 22.12.2020, lch. 29.

33 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1

cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a fhaigheann an Coimisiún fógra faoi fhormheas an aistrithe bhuiséadaigh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón nGréig – EGF/2021/008 EL/Attica electrical equipment manufacturing

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[34], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, an comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[35], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin, sin agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (i bpraghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[36].

(3) An 21 Nollaig 2021, chuir an Ghréig iarratas isteach ar CED a shlógadh, i ndáil le hiomarcaíochtaí oibrithe san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[37] Athbhreithniú 2 rannán 27 (Monarú trealaimh leictrigh) i réigiún de leibhéal 2 d'ainmníocht

34 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

35 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 29

36 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

37 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

chomhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh ('NUTS')[38] mar atá Ataic (EL30) na Gréige. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Comhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED, coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 495 830 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Ghréig isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlactar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2022, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 495 830 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*]*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

[38] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

* An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.